

## Tuarascáil ar an nGá atá leis an Tionscadal Comhairliúchán Poiblí



MÁRTA 2015

**I mí Eanáir 2014, ghlac Uisce Éireann freagracht as soláthar seirbhísí uisce poiblí ó 34 údarás áitiúil. Áiríodh air sin freagracht as Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre (WSP) a aistriú ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a rinne bainistiú ar an tionscadal thar ceann na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ó 2004.**

Nuair a bhí Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath freagrach as an tionscadal, tugadh Tionscadal Soláthair Uisce - Réigiún Bhaile Átha Cliath air. Cuireann aistriú feidhmeanna seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann deis ar leith ar fáil féachaint go straitéiseach ar sheirbhísí uisce a sholáthar ag leibhéal náisiúnta agus mar thoradh air sin tá an tionscadal á bhreithniú anois i ndáil le ceann de na trí réigiún ina bhfeidhmíonn Uisce Éireann.

Dá bhrí sin, is éard a dtugtar ar an tionscadal anois ná Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre, agus tá sé ag céim pleanála tionscadail faoi láthair.

Níl a dhóthain infheistíochta déanta ag Éirinn maidir lena bhonneagar uisce ó 'fhoinsé nua' a fhorbairt i mBaile Átha Cliath le breis is leathchéad bliain anuas. Tá gá riachtanach agus práinneach anois ann beart a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh ár soláthar uisce éilimh an lae inniu agus éilimh na todhchaí maidir le húsáid chónaithe, thionsclaíoch, talmhaíochta agus tráchtála.

Tá measúnú ó thaobh taighde agus comhairliúchán neamhspleách fairsing déanta ag saineolaithe agus údarais ábhartha ar an ngá atá le seirbhís uisce nua chun freastal ar éileamh réamh-mheasta i Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre Uisce Éireann. Ba mhaith linn do thuairim ar an measúnú sin a fháil mar chuid den chéad chéim seo den chomhairliúchán.

### Is é cuspóir na nuachtlitreach seo ná:

Bunaíodh an WSP-DR chun féachaint ar roghanna maidir le soláthar uisce nua a chur ar fáil do Réigiún Bhaile Átha Cliath.

- Eolas a chur ar fáil duit maidir le Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre (WSP) agus an Tuarascáil ar an nGá atá leis an Tionscadal.
- Cuireadh a thabhairt duit páirt a ghlacadh sa bhabhta chomhairliúcháin poiblí seo.
- An 'Treochlár' réamh-mheasta do na chéad chéimeanna eile i bpróiseas pleanála an WSP a chur ar fáil. Léiríonn an Treochlár rogha nua soláthair níos fearr


### Cad air a bhfuil comhairliúchán á dhéanamh?

Ba mhaith linn do thuairim a fháil faoin méid seo a leanas:

1. An bhfuil gach saincheist a bhaineann le riachtanas á breithniú ag Foireann an Tionscadail? An bhfuil gach factóir á bhreithniú?
2. Ar mhaith leat a bheith ar an eolas maidir le nuashonrú agus más amhlaidh an mbeifeá sásta a bheith curtha lenár mbunachar sonraí agus nuashonrú maidir le tionscadail a fháil go rialta?
3. Tá an Treochlár a bhfuil sé i gceist againn a leanúint chun réiteach a fháil chun freastal ar an riachtanas á chur i láthair againn mar chuid den chomhairliúchán seo.



# COMHAIRLIÚCHÁN MAIDIR LE TIONSCADAL THREOCHLÁR WSP



**EOCHAIR**


- Tuarascálacha & Foilseacháin
- Rannpháirtíocht Phoiblí
- Staidéir & Taighde
- An Staid Reatha

\*Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre. Déanfar an treochlár seo a nuashonrú ar bhonn rialta

## Cad atá ráite sa Tuarascáil?

Tarraingítear sa tuarascáil (An Tionscadal Soláthair Uisce Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre, Tuarascáil ar an nGá atá leis an Tionscadal) ar thaighde agus ar mholtaí fairsinge ó shaineolaithe neamhspleácha maidir le réamh-mheastacháin daonra agus réamhaisnéis eacnamaíoch (2015-2050) agus cinntear inti go bhfuil gá le foinse soláthair uisce nua i Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre Uisce Éireann. Tá an toradh sin bunaithe ar shé phríomh-shaincheist:

- Theip ar Éirinn infheistíocht dhóthanach a dhéanamh ina bonneagar mór soláthair uisce le breis is leathchéad bliain.
- Aithníodh an gá a bhí le beart cuimsitheach chun freastal ar riachtanais soláthair uisce i mBaile Átha Cliath agus ina réigiún mháguaird ó lár na 1990idí ar aghaidh.
- Ní sheachadfaidh coigiltis uisce riachtanacha ó chlár chaomhnaithe agus ó laghduithe sceite an méid uisce atá ag teastáil chun freastal ar riachtanais amach anseo.
- Tá todhchaí eacnamaíoch na hÉireann ag brath ar sholáthar uisce athléimneach, leordhóthanach agus inbhuanaithe.
- Tá baol an-ard ann go dtarlóidh éartha, ganntanas agus ar deireadh ciondail uisce mura gcuirfear an Tionscadal Soláthair Uisce atá beartaithe i bhfeidhm.
- Féadfaidh bristeacha seirbhíse a bheith mar chúis do chostas ard do ghnólachtaí agus d'úsáideoirí uisce baile mar gheall ar ghanntanas uisce - chosain bristeacha i mBaile Átha Cliath le déanaí (2010-2014) os cionn €78m ar gheilleagar na hÉireann in aghaidh an lae, ar an meán.



## Taighde neamhspleách ar an tionscadal seo

Cuireann na trí staidéar speisialaithe neamhspleácha seo a leanas tacaíocht & eolas ar fáil do Thuarascáil ar an nGá atá leis an Tionscadal Uisce Éireann

### A) TUARASCÁIL DHÉIMEAGRAFACH

### (B) TUARASCÁIL EACNAMAÍ

### (C) ATHBHREITHNIÚ AR ÉILEAMH UISCE

Soláthraíonn na staidéir speisialaithe, neamhspleácha seo réamh-mheastacháin daonra, a fhaightear ó shonraí na Príomh-Oifige Staidrimh, ar chásanna éagsúla a bhaineann le fás eacnamaíoch, torthúlacht agus imirce réamhnaiséise. Scrúdaíonn siad gach chuid den éileamh ar uisce lena n-áirítear úsáid per capita, éileamh baile, éileamh nach éileamh baile é, úsáid oibríochta, agus sceitheadh ó áiteanna cónaithe agus ón líonra. Déantar anailís ar éileamh nach éileamh baile é, is é sin uisce a bhíonn in úsáid ag gnólachtaí, tionscail agus talmhaíocht agus déantar fás a réamh-mheas de réir na hearnála.

Déantar treochtaí maidir le laghdú úsáide per capita agus laghdú déine na húsáide uisce tionscail a ionchorprú isteach sna réamh-mheastacháin. Cinntear sa Tuarascáil, nuair a bheidh an soláthair uisce ó fhoinsí atá ann faoi láthair úsáidte go hiomlán agus in ainneoin iarrachtaí maidir le caomhnú uisce agus rialú ar sceitheadh, go mbeidh go leor uisce breise fós ag teastáil. Meastar go mbeidh 215 milliún lítear in aghaidh an lae\* sa bhreis ar an acmhainn atá ann cheana féin ag teastáil faoi 2051 do Réigiún Bhaile Átha Cliath ann féin. Ardaíonn an figiúr sin go dtí 330 milliún lítear in aghaidh an lae nuair a bhíonn an ceantar máguaird san áireamh. Ní leor feabhsuithe agus cothabháil ar an gcóras soláthair uisce atá ann cheana féin chun freastal ar an leibhéal riachtanais sin. Ní mór foinse nua a fhorbairt agus a úsáid.

\*Is comhionann milliún lítear & linn snámha thart ar 50m

## Cad atá ag tarlú anois? Conas is féidir leatsa a bheith rannpháirteach?

I ndiaidh an Tuarascáil ar an nGá atá leis an Tionscadal agus Treochlár an Tionscadail a fhoilsiú an 10 Márta, tá Uisce Éireann anois ag tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin poiblí 8 seachtaine inar féidir leatsa do thuairim a roinnt. Tíocfaidh an chéad chéim den chomhairliúchán chun críche an 5 Bealtaine 2015.

Gheofar aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin trí mheascán de chruinnithe le páirtithe leasmhara agus tugtar do cuireadh do gach páirtí leasmhar tuairim a thabhairt trí ríomhphost chuig [watersupply@water.ie](mailto:watersupply@water.ie) nó trí scríobh chuig **An Tionscadal Soláthair Uisce, Teach Mhuirfean, Bóthar Mhuirfean, Baile Átha Cliath 4.**

Is féidir féachaint ar an Tionscadal Soláthair Uisce, Réigiún an Oirthir agus Láir Tíre, ar an Tuarascáil ar an nGá atá leis an Tionscadal agus ar Threochlár an Tionscadail i Leabharlanna Contae agus ag Cuntair Phleanála laistigh de limistéar staidéir an tionscadail\* agus is féidir iad a íoslódáil ó [www.watersupplyproject.ie](http://www.watersupplyproject.ie)

*\* Áirítear le limistéar staidéir an Tionscadail na contaetha seo a leanas; an Clár, Baile Átha Cliath (lena n-áirítear Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire/Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas), Cill Dara, Gaillimh, Laois, Luimneach, an Mhí, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, An Iarmhí agus Cill Mhantáin.*

## Cad a tharlóidh anois?

Déanfar gach aiseolas a bhaineann le saincheisteanna ábhartha a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán seo a athbhreithniú mar chuid den chéad chéim eile sa phróiseas comhairliúcháin poiblí, agus foilseofar agus déanfar comhairliúchán poiblí ar Pháipéar Oibre Roghanna (Roghanna Soláthair nua) níos déanaí i Samhradh 2015..

## Cén áit is féidir tuilleadh eolais a fháil

Is féidir féachaint ar an Tionscadal Soláthair Uisce, Réigiún an Oirthir agus an Láir Tíre, ar an Tuarascáil ar an nGá atá leis an Tionscadal agus ar Threochlár an Tionscadail i Leabharlanna Contae agus ag Cuntair Phleanála laistigh de limistéar staidéir an tionscadail\* agus is féidir iad a íoslódáil ó [www.watersupplyproject.ie](http://www.watersupplyproject.ie)

Is féidir aighneachtaí maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin a sheoladh trí ríomhphost chuig [watersupply@water.ie](mailto:watersupply@water.ie) nó sa phost chuig **An Tionscadal Soláthair Uisce, Teach Mhuirfean, Bóthar Mhuirfean, Baile Átha Cliath 4.** An 5<sup>ú</sup> Bealtaine 2015 an dáta deiridh a ghlacfar le hiarratais.

## Is féidir tuilleadh eolais a fháil trí ghlaoch ar 1890 252 848

### Déan teagmháil linn

Má bhíonn aon cheist agat faoin tionscadal seo, más mian leat cóipeanna crua a fháil de na foilseacháin atá luaite sa nuachtlitr seo nó más mian leat a bheith ar liosta poist chun an t-eolas is déanaí faoin tionscadal a fháil, déan teagmháil linn ag úsáid na sonraí thíos

**An Tionscadal Soláthair Uisce,  
Teach Mhuirfean,  
Sráid Mhuirfean,  
Baile Átha Cliath 4.**

**Fón: 1890 252 848**

**Ríomhphost: [watersupply@water.ie](mailto:watersupply@water.ie)**

[www.watersupplyproject.ie](http://www.watersupplyproject.ie)

